



2026/2206

30.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2206 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 29 Meán Fómhair 2026

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/768 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).
- (2) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI ('Ceannasaí Fórsa an Aontais') a cheapadh.
- (3) An 24 Márta 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/768 ⁽²⁾, lenar cheapadh an Seachaimiréal Andrea BIELLI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 1 Aibreán 2026.
- (4) An 25 Lúnasa 2026, mhol na húdaráis mhíleata Heilléanacha an Ceannasóir Stavros POLYDOROU a cheapadh i gcomharbas ar an Seachaimiréal Andrea BIELLI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ('an ceapachán molta').
- (5) An 26 Lúnasa 2026, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI leis an gceapachán molta.
- (6) An 28 Lúnasa 2026, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go ndéanfaí an Ceannasóir Stavros POLYDOROU a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 1 Deireadh Fómhair 2026.
- (7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Stavros POLYDOROU a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 1 Deireadh Fómhair 2026.
- (8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2026/768 a aisghairm,

⁽¹⁾ IO L 101, 1.4.2020, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2020/472/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2026/768 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 24 Márta 2026 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/2012 (EUNAVFOR MED IRINI/2/2026) (IO L, 2026/768, 30.3.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2026/768/oj>).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Ceannasóir Stavros POLYDOROU mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 1 Deireadh Fómhair 2026.

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/768.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD
